Constitution

Article 1:-

The club shall be known as "NUI Galway GMIT Sub Aqua Club" (NUIGGMITSAC).

Article 2:-

The club shall be an affiliated member of Comhairle Fo-Thúinn, CFT, (Irish Underwater Council) and abide by its rules and regulations.

Article 3:-

The objectives of the club shall be :-

:- to promote and advance the sport of scuba diving and related activities,

:- to represent NUIGalway and GMIT at national and international levels

Article 4:-

Club Membership.

There shall be two (2) types of membership to the club:-

:- Ordinary membership. This is open to all staff and students of NUIGalway and GMIT. On payment of the appropriate fee one is considered to be a member of the club.

:- Honorary membership. At an AGM, the current ruling committee may honour club members by giving them honorary membership of the club. Honorary members are exempt from paying any membership fees to the club itself and are welcome to sit in on any committee meetings at the committee's request.

Article 5:-

Governing body.

A ruling body called 'the committee' shall administer the club. There shall also be an Executive committee consisting of the following officers:-

- Captain
- Secretary
- Treasurer
- Diving officer
- Training officer
- Equipment officer

A committee meeting shall be held as often as is deemed necessary by the committee with a minimum of four (4) of the executive officers being present to make the meeting legal.

The committee shall have the power to make rules and regulations for the direction and maintenance of the club and also amend the constitution, if deemed necessary, at an AGM.

The Executive committee has sole and final decision as to the interpretation of the constitution or any part thereof.

Should a committee member decide to vacate their position during the current year, their assistant is asked if they would like to continue on as the full officer. Should the assistant accept, then s/he is declared the full officer and have no assistant for the remainder of the year unless so requested by the new officer. Should the assistant decline this offer, a new officer must be elected at an AGM as quickly as possible and the assistant remain as assistant for the remainder of the year.

Article 6:-

Annual General Meetings.

The AGM shall be held at the end of the college teaching year, between March 1st and April 30th.
All members shall receive written notice of the AGM at least fourteen (14) clear days prior to the AGM with the agenda for same included.
25% of the total membership shall constitute a quorum.
In the event of a quorum not being reached within 20 mins of the starting time, the AGM will be rescheduled for seven (7) days later with the number of members attending the original being the new quorum. All members will receive notice for the re-scheduled AGM at least five (5) days prior.
Organization of the AGM:-

- Reading of minutes of the last AGM.
- Any correspondences with the club.
- Reading of the end of year report.
- Election of the new committee. (see article 6)
- Determination of the club membership fee for the following year.
- Any other business.

Extra-ordinary General Meetings.

On the Motion of the Captain, or Executive Committee, or at the request in writing, of ten percent (10%) of the Ordinary Members or a minimum of three Ordinary Members whichever is the greater, to the club secretary, an Extra-Ordinary General Meeting of NUIGGMITSAC shall be convened by the Secretary to transact any business concerned with at least fourteen (14) clear days written notice being given to all members of the club including the agenda for same.

Any voting carried out at an AGM or EGM shall need a 2/3 majority of those voting for a motion to be ratified.[1]

Article 7:-

Election of the new Committee.
All positions for election are open to all club members with the following exceptions:-

- Diving officer
- Training officer
- Equipments officer

Nominees for these positions must hold a minimum grade of club diver (diver**).
Self-nomination is not allowed.
Nominees for a position must be present at the AGM.
Each club member has one (1) vote, one (1) nomination, and one (1) seconding opportunity for each position up for election.

[1] The only exception being elections for the new committee at an AGM, see article 7.

For positions with two (2) or more nominees a simple majority is all that is required for the position to be awarded.

Article 8:-

Grievance Procedures

For grievances between club members the following chain for reconciliation is recommended.

i. An impartial Executive officer will approach all parties involved and organise a meeting between them[2,3]. The Executive officer involved must take notes of what is said by both parties and recommend a way to reconcile the differences between the parties involved[4].

ii. A Committee meeting will be organised with both parties requested to be present. Each officer will make his/her own notes for discussion amongst the committee in order to make a recommendation. After the investigation the committee will recommend a way to reconcile the differences between the parties involved[4].

iii. The club secretary will ask the Students Union Clubs Captain to meet with the parties who will recommend a way to reconcile the differences between the parties involved[4].

iv. The club secretary will ask a Students Union Officer to meet with the parties who will recommend a way to reconcile the differences between the parties involved[4]

v. The club secretary will ask the Head of the Sports Department to meet with the parties who will recommend a way to reconcile the differences between the parties involved[4].

Article 9:-

On winding up of the club all property will be returned to the ownership of NUIGalway and not GMIT[5].

Article 10:-

The trustee of the club is NUIGalway. The clubs Equipments Officer shall maintain and keep in proper working order all club property.

[2] If any party is unhappy with the executive officer presiding a request can be made for another officer to preside.

[3] If an executive officer is involved in the dispute then a committee member will preside.

[4] If any party is unhappy with a recommendation made at any of the reconciliation procedures a request may be made for the next procedure to be initiated.

[5] All club gear was purchased with funds received from NUIGalway and not GMIT. Agreed to by Ruth Merrigan, GMIT SU.

Bunreacht

Airteagal 1:-

Is é “Club Fo-Uiscí OÉ Gaillimh ITGME” an t-ainm a bheidh ar an gclub.

Airteagal 2:-

Beidh an club ina chomhalta cleamhnaithe den Chomhairle Fo-Thuinn, CFT, agus déanfaidh sé de réir a cuid rialacha agus rialachán.

Airteagal 3:-

Is iad cuspóirí an chlub:-

:- spórt na tumadóireachta scúba agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh,

:- ionadaíocht a dhéanamh d’OÉ Gaillimh agus d’ITGME go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

Airteagal 4:-

Comhaltas an Chlub.

Beidh dhá (2) chineál comhaltais sa chlub ann:-

:- Gnáthchomhaltas. Tá sé seo ar fáil do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn uile OÉ Gaillimh agus ITGME. Meastar duine a bheith ina c(h)omhalta den chlub ach an táille chuí a íoc.

:- Comhaltas oinigh. Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil, féadfaidh an coiste ceannais a bheidh ann an tráth sin comhaltaí den chlub a onórú trí chomhaltas oinigh sa chlub a thabhairt dóibh. Tá díolúine ag comhaltaí oinigh ó aon táillí comhaltais a íoc leis an gclub féin agus tá fáilte rompu freastal ar aon chruinniú coiste ach an coiste é sin a iarraidh orthu.

Airteagal 5:-

An comhlacht ceannais

Déanfaidh comhlacht ceannais dá ngairtear ‘an coiste’ an club a riaradh. Beidh coiste feidhmiúcháin ann freisin agus beidh na hoifigigh seo a leanas ar an gcoiste sin:-

- Captaen
- Rúnaí
- Cisteoir
- Oifigeach tumadóireachta
- Oifigeach oiliúna
- Oifigeach trealaimh

Beidh cruinniú coiste ann chomh minic agus a mheasann an coiste gur gá é agus beidh ceathrar (4), ar a laghad, de na hoifigigh feidhmiúcháin i láthair chun go mbeidh an cruinniú dleathach.

Beidh de chumhacht ag an gcoiste rialacha agus rialacháin a dhéanamh chun an club a threorú agus a dhea-riaradh agus beidh de chumhacht ag an gcoiste freisin an bunreacht a leasú, má mheastar gur gá sin, ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil.
Is ag an gCoiste Feidhmiúcháin atá an t-aon chinneadh agus an cinneadh deiridh ó thaobh an bunreacht nó aon chuid den bhunreacht a léiriú.

Airteagal 6:

Cruinnithe Ginearálta Bliantúla (AGM)

Beidh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ann ag deireadh bhliain teagaisc an choláiste, idir 1 Márta agus 30 Aibreán.
Gheobhaidh gach comhalta fógra i scríbhinn faoin gCruinniú Ginearálta Bliantúil ceithre lá dhéag (14), ar a laghad, roimh an gCruinniú Ginearálta Bliantúil agus beidh an clár don chruinniú sin san áireamh leis an bhfógra sin.
Is éard a bheidh i gcóram 25% den chomhaltas iomlán.
I gcás nach dtiocfar ar chóram faoi cheann 20 nóiméad ón am tosaithe, déanfar an Cruinniú Ginearálta Bliantúil a athsceidealadh le haghaidh seacht (7) lá ina dhiaidh sin agus is éard a bheidh sa chóram nua an líon daoine a bhí i láthair ag an gcruinniú bunaidh. Gheobhaidh gach comhalta fógra faoin gCruinniú Ginearálta Bliantúil athsceidealta cúig (5) lá, ar a laghad, roimh ré.
Eagrú an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil:-

- Léamh mhiontuairiscí an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil roimhe sin.
- Aon chomhfhreagras leis an gClub.
- Léamh na tuarascála cinn bliana.
- Toghadh an choiste nua. (féach airteagal 7)
- Cinneadh tháille comhaltais an Chlub don chéad bhliain eile.
- Aon ghnó eile.

Cruinnithe Ginearálta Urghnácha. (EGM)

Ar Thairiscint an Chaptaein, nó an Choiste Feidhmiúcháin, nó ar dheich faoin gcéad (10%) de na Gnáthchomhaltaí nó íoslíon de thrí Ghnáthchomhalta, cibé acu is mó, é sin a iarraidh i scríbhinn ar rúnaí an chlub, comórfaidh an Rúnaí Cruinniú Ginearálta Urghnách de NUIGGMITSAC chun aon ghnó lena mbaineann a dhéanamh agus tabharfar fógra ceithre lá dhéag (14) iomlána i scríbhinn do gach comhalta den chlub agus beidh an clár don chruinniú sin san áireamh leis an bhfógra sin.

Maidir le haon vótáil a dhéanfar ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil nó ag Cruinniú Ginearálta Urghnách, beidh móramh 2/3 ag teastáil chun go ndaingneofar tairiscint.[6]

Airteagal 7:-

Toghadh an Choiste nua.
Maidir leis na poist go léir atá le toghadh, tá cead ag gach uile chomhalta den chlub cur isteach orthu ach amháin i gcás na bpost seo a leanas:-

- Oifigeach tumadóireachta
- Oifigeach oiliúna
- Oifigeach trealaimh

Caithfidh ainmnithe do na poist sin grád clubthumadóra (tumadóra**), ar a laghad, a bheith acu.
Ní cheadaítear féinainmniú.
Caithfidh ainmnithe atá istigh ar phost bheith i láthair ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.
Tá vóta amháin (1), ainmniúchán amháin (1), agus deis cuidithe amháin (1) ag gach comhalta den chlub maidir le gach post a bheidh le toghadh.

[6] Is é an t-aon eisceacht toghcháin don choiste nua ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil, féach airteagal 7.

Maidir le poist a bhfuil dhá (2) ainmní nó níos mó istigh orthu, ní gá ach tromlach simplí chun an post a dhámhachtain.

Airteagal 8:-

Nósanna Imeachta maidir le Gearáin

Maidir le gearáin idir dhá (2) chomhalta den choiste nach comhaltaí feidhmiúcháin iad, moltar an slabhra seo a leanas i gcomhair athmhuintearais.

i. Rachaidh oifigeach Feidhmiúcháin neamhchlaon i dteagmháil le gach ceann de na páirtithe a bhaineann leis an gcás agus eagróidh sé nó sí cruinniú eatarthu[7, 8]. Caithfidh an t-oifigeach Feidhmiúcháin a bheidh i gceist nótaí a bhreacadh síos den mhéid a deir an dá pháirtí agus caithfidh sé nó sí slí a mholadh chun na difríochtaí idir na páirtithe a bheidh i gceist a réiteach[9].

ii. Eagrófar cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin agus iarrfar ar an dá pháirtí bheith i láthair. Breacfaidh gach oifigeach síos a nótaí féin lena bplé i measc an choiste Feidhmiúcháin d'fhonn moladh a dhéanamh. Tar éis an imscrúdaithe molfaidh an coiste Feidhmiúcháin slí chun na difríochtaí idir na páirtithe a bheidh i gceist a réiteach.[9]

iii. Iarrfaidh rúnaí an chlub ar Chaptaen Chlubanna Chomhaltas na Mac Léinn casadh leis na páirtithe agus molfaidh seisean nó sise slí chun na difríochtaí idir na páirtithe a bheidh i gceist a réiteach[9].

iv. Iarrfaidh rúnaí an chlub ar Oifigeach de chuid Chomhaltas na Mac Léinn casadh leis na páirtithe agus molfaidh seisean nó sise slí chun na difríochtaí idir na páirtithe a bheidh i gceist a réiteach.[9]

v. Iarrfaidh rúnaí an chlub ar Cheann na Roinne Spóirt casadh leis na páirtithe agus molfaidh seisean nó sise slí chun na difríochtaí idir na páirtithe a bheidh i gceist a réiteach

Airteagal 9:-

Ar fhoirceannadh an chlub cuirfear an mhaoin uile ar ais faoi úinéireacht Ollscoil na hÉireann, Gaillimh seachas faoi úinéireacht Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo[10].

Airteagal 10:-

Is í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh iontaobhaí an chlub. Déanfaidh Oifigeach Trealaimh an chlub gach maoin de chuid an chlub a chothabháil agus a choinneáil i gcóir.

[7] Má bhíonn aon pháirtí míshásta leis an oifigeach feidhmiúcháin a bheidh sa chathaoir, féadfar a iarraidh go mbeadh oifigeach eile sa chathaoir

[8] Dá mbeadh aon oifigeach gnó i gceist freisin, beidh duine on gcoiste i gceannas.

[9] Dá mbeadh aon muintir mí-shásta leis an réiteach déanta ag aon nós imeachta, deanfaí iarratas chun an nós imeachta ina dhiaidh sin a thosach.

[10] Ceannaíodh trealamh uile an chlub le cistí a fuarthas ó OÉ, Gaillimh seachas ó ITGME. Aontaithe ag Ruth Merrigan, Comhaltas na Mac Léinn, ITGME.